



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 15 Deireadh Fómhair 2018
(OR. fr)

12759/18

COAFR 248
CFSP/PESC 918
CSDP/PSDC 554
POLMIL 160
CIVCOM 201
COHAFA 77
COHOM 118

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Poblacht na hAfraice Láir
	- Conclúidí ón gComhairle (15 Deireadh Fómhair 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na hAfraice Láir, a glacadh ag an 3643^ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 15 Deireadh Fómhair 2018.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na hAfraice Láir

1. Tá cúrsaí i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL) an-leochaileach i gcónaí agus tá tacaíocht an Aontais fós á tabhairt don tír. Dhá bhliain tar éis comhdháil idirnáisiúnta na ndeontóirí a bhí ar siúl sa Bhruiséil, cuireann an tAontas Eorpach (AE) i dtreis a thábhachtaí atá sé leanúint dá chuid oibre, trína ionstraimí éagsúla, chun cuidiú le Poblacht na hAfraice Láir an chobhsaíocht, an tsíocháin agus an fhorbairt a athbhunú agus chun mianta dhaonra na hAfraice Láir ina iomláine maidir le síocháin agus athmhuintearas inbhuanaithe a bhaint amach.
2. Áirítear ar ár dtreochlár i gcónaí comhdhlúthú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú na hearnála slándála, an comhrac i gcoinne na saoirse ó phionóis agus an ceartas idirthréimhseach a chur i bhfeidhm, an smacht reachta agus an comhtháthú sóisialta a athbhunú, an rialachas, seirbhísí bunúsacha a sholáthar, an geilleagar a athbheochan chomh maith le saothrú dlíthiúil inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Uachtarán Touadéra agus ag a rialtas sna réimsí sin agus molann sé dóibh leanúint ar aghaidh le díograis bhreise sa treo sin.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas a chuid tacaíochta don tionscnamh Afracach ar son na síochána agus an athmhuintearais faoi stiúir an Aontais Afracaigh agus Chomhphobal Stáit Lár na hAfraice, le cuidiú ó Angóla, ó Chamarún, ón gCongó, ón nGabúin, ón tSúdáin agus ó Shead, agus faoi cheannaireacht an Uachtaráin Touadéra, chun teacht ar chomhaontú síochána agus athmhuintearais, na dálaí a chruthú chun dí-armáil iomlán na ngrúpaí armtha a bhaint amach, údarás an Stáit a athbhunú, agus ag an am céanna, aontacht agus sláine na hAfraice Láir a chaomhnú. Cuireann an tAontas i dtreis a riachtanaí atá sé dul chun cinn a dhéanamh go pras i dtreo na gcéad chéimeanna eile sa phróiseas seo síochána agus athmhuintearais. Ina theannta sin, meabhraíonn sé a thábhachtaí atá sé go mbeadh institiúidí agus gníomhaithe uile shochaí na hAfraice Láir, lena n-áirítear na mná, na daoine óga agus an tsochaí shibhialta, lán-rannpháirteach ar mhaithe le hathmhuintearas inbhuanaithe a bhaint amach sa tír. Iarrann an tAontas ar na gníomhaithe idirnáisiúnta uile, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le Poblacht na hAfraice Láir, tacú go hiomlán le hobair an rialtais agus le tionscnamh na hAfraice, i ndlúthchomhar agus ar bhealach a bheidh go hiomlán trédhearcach.
4. Is díol sásaimh don Aontas na trialacha ar cuireadh tús leo os comhair chúirt choiriúil Bangui agus an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hoibríochtú na cúirte coiriúla speisialta agus tá súil aige go éistfear na chéad chásanna ann gan mhoill. Is céim ríthábhachtach é seo sa chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionóis agus leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an tionscnamh sin. Ag an am céanna, ní mór Coimisiún um Fhírinne, um Cheartas agus um Athmhuintearas a bhunú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an cheartais idirthréimhsigh; ba cheart dlúthbhaint a bheith ag an gCoimisiún leis an bpróiseas síochána má táthar chun an t-athmhuintearas a áirithiú. Iarrann an tAontas freisin go dtabharfaí deis do na sibhialtaigh a bheith iomlán rannpháirteach sna hiarrachtaí ar son na síochána agus an athmhuintearais, le go bhféadfaí mianta nithiúla mhuintir na hAfraice Láir a shásamh.

5. Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht Mhisean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe san Afraic Láir (MINUSCA), go háirithe an méid a rinne sé chun tacú le húdaráis na hAfraice Láir agus iad i mbun an phróisis athchóirithe ar earnáil na slándála agus chun cabhrú leo údarás an Stáit a athbhunú, agus tacú leis an gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionóis, lena n-áirítear oibríochtú na Cúirte Coiriúla Speisialta. Is díol sásaimh don Aontas freisin go bhfuil an Chomhairle Slándála toilteanach féachaint an bhféadfaí tacú leis na fórsaí slándála a ath-imscaradh de réir a chéile agus ar bhealach dea-rialaithe. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go dtacaíonn sé le MINUSCA agus lena threisiú; tá sé ag súil go mbeidh comhordú daingean ann i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí féin ó na gníomhaithe go léir atá ag obair chun Poblacht na hAfraice Láir a chobhsú.
6. Leanfaidh an tAontas ar aghaidh ag obair i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe, le hAontas na hAfraice agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile. Ar an ábhar sin, tá sé toilteanach creat rannpháirtíochta comhphárteach a ullmhú leis na Náisiúin Aontaithe agus le hAontas na hAfraice i bPoblacht na hAfraice Láir.
7. Mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais i bPoblacht na hAfraice Láir agus d'fhonn cuidiú leis an athchóiriú ar fhórsaí armtha na hAfraice Láir (FACA), d'fhormheas an Chomhairle go síneofaí sainordú EUTM RCA go dtí Meán Fómhair 2020. Is díol sásaimh don Chomhairle gur éirigh le EUTM an tríú cathlán de FACA a chruthú agus is díol sásaimh di freisin an obair thábhachtach a rinne an tAontas chun tacú le FACA. Cuireann sí i dtreis ról ceannaireachta EUTM maidir le FACA a chur faoi oiliúint agus nach mór go mbeidh an misean sin in ann oibriú le FACA gan chonstaicí d'fhonn a shainordú a chur chun feidhme. Is é sin le rá go meabhraíonn sí an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht EUTM chun ath-imscaradh FACA agus cur chun feidhme an phlean náisiúnta cosanta in Bouar a éascú. Is ábhar tosaíochta é sin nach mór a chur chun feidhme a luaithe is féidir agus aird á tabhairt ar an staid slándála ar an leibhéal áitiúil ag an am céanna.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle, i bhfianaise na staide slándála, lena n-áirítear na bagairtí hibrídeacha, gur gá leanúint de FACA a neartú agus is díol sásaimh di gur iarr údaráis na hAfraice Láir cúnamh breise ar an Aontas le haghaidh Fórsaí Slándála Inmheánaí na hAfraice Láir. Aithníonn sí gur cheart freagairt air sin le rannpháirtíocht shibhialta a bheidh i gcomhréir leis an méid atá i nguais. Iarrann sí ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar bun aici i bpleanáil oibríochtúil, d'fhonn cur i bhfeidhm agus imscaradh colún idir-inoibritheachta tiomnaithe a cheadú a luaithe is féidir in EUTM RCA a mbeadh air gníomhaíochtaí comhairle straitéisí a chur ar bun sa réimse sin. Aithníonn an Chomhairle, in theannta sin, a úsáidí a bheadh sé, mar a cuireadh i dtreis leis an athbhreithniú straitéiseach ó EUTM RCA, leanúint d'fhéachaint an bhféadfaí gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh leis na Fórsaí Slándála Inmheánacha a neartú le gníomhaíocht CBSC shibhialtach tiomnaithe. Fillfidh an Chomhairle ar an ábhar sin i samhradh na bliana 2019, ar bhonn tograí ó SEGS agus na chéad torthaí ón gcolún idir-inoibritheachta á dtabhairt ar aird agus mar chuid den athbhreithniú straitéiseach ó EUTM RCA. Is díol sásaimh don Chomhairle gur sheol an tAontas tionscadail chun fórsaí na hAfraice Láir a neartú mar chuid den tionscnamh Eorpaigh lena gcuirtear le Fothú Acmhainní a thacaíonn leis an tSlándáil agus leis an bhForbairt; ba cheart maoiniú breise a aimsiú, chun costais a chlúdach i dtaca le trealamh agus bonneagar chun oiliúint a chur ar fáil. Is é sin le rá go n-athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé, ionas go n-áiritheofar an chomhlántacht, gach gníomhaíocht a bhaineann le tacaíocht d'Fhórsaí Slándála na hAfraice Láir a chomhordú leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, go háirithe MINUSCA i ndáil le próiseas athbhreithnithe na hearnála slándála.

9. Is údar inní fós don Aontas an staid dhaonnúil i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL), go háirithe a mhéid a bhaineann le grúpaí atá easáitithe nó grúpaí atá scoite amach, leis na mná agus na leanaí arb iad is túisce íospartaigh na géarchéime agus iad thíos leis an easpa slándála agus leis an bhforéigean. Cuireann an tAontas i bhfáth gur gá don chomhphobal idirnáisiúnta freagairt don ghéarchéim dhaonnúil agus athdhearbhaíonn sé go dtacóidh sé leis i gcónaí agus go gcuirfidh sé daonchabhair neodrach agus neamhchlaonta ar fáil. Iarrann sé ar na páirtithe uile a ráthú go mbeidh rochtain shábháilte thráthúil gan bhac ag eagraíochtaí daonnúla agus ag a gcuid foirne ar na limistéir uile, ag cloí go hiomlán le prionsabail threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le cúnamh daonnúil agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ionas go mbeidh siad in ann cúnamh daonnúil a thabhairt do na grúpaí is leochailí. Molann an tAontas go mbeadh meas iomlán ar chearta an duine agus iarrann sé ar rialtas na hAfraice Láir na hionsaithe i gcoinne na n-oibríthe daonnúla a cháineadh ar bhealach córasach.

Cuireann an tAontas i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé cabhair leormhaith a thabhairt do dhídeanaithe na hAfraice Láir sna tíortha máguaird a bheadh in oiriúint dá n-easáitiú le linn tréimhsí fada mar aon le tacaíocht do na comhphobail óstacha a chuireann fáilte rompu.

10. Athdhearbhaíonn an tAontas a rannpháirtíocht leantach ó thús na géarchéime agus trí chiste Bêkou, i ndáil le teacht aniar dhaonra agus Stát Lár na hAfraice a neartú mar chuid de chur i bhfeidhm iomlán an chuir chuige lena nasctar an fhóirithint agus an fhorbairt agus an naisc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a tháinig as ciste Bêkou ar mhaithe le hathbhunú PAL agus molann sí go ndéanfaí machnamh i dtaca lena bhfuil i ndán dó amach anseo.

11. Iarrann an tAontas ar an gcomhphobal idirnáisiúnta tacaíocht bhreise a thabhairt, lena n-áirítear tacaíocht do na grúpaí is leochailí, go háirithe chun treisiú lena dteacht aniar agus chun borradh a chur láithreach faoi na mórtionscadail forbraíochta atá de dhíth ar an tír, lena n-áirítear tionscadail lena mbaineann tionchar tapa. Sa chomhthéacs sin, tá sé rithabhachtach do PAL leas a bhaint as acmhainní dílse fíoscacha agus go leanfaí leis an tacaíocht bhuiséadach atá á fáil ón bpobal idirnáisiúnta agus ón Eoraip araon ar mhaithe le forbairt na tíre. Tá an tAontas tiomanta go mór do PAL agus clúdach EUR 487 milliún socraithe don tréimhse 2017-2020.
-